



An Bhruiséil, 6 Feabhra 2026
(OR. en)

5482/26

Comhaid Idirinstitiúideacha:
2025/0386(NLE)
2025/0387(NLE)

RECH 23
MED 7
AGRI 34
MIGR 22
RELEX 72

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó: Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig: Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle

Uimh. an doic. ón 16911/25 + ADD 1; 16914/25 + ADD 1
gCoim.:

Ábhar: CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe, i bhfoirm Malartú Litreacha, idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó lena leasaítear agus lena bhforlíontar an Comhaontú le haghaidh comhar eolaíochta agus teicneolaíochta idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó, lena leagtar amach na téarmaí agus na coinníollacha do rannpháirtíocht Ríocht Mharacó sa Chomhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara (PRIMA)

– Glacadh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, i bhfoirm Malartú Litreacha, idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó lena leasaítear agus lena bhforlíontar an Comhaontú le haghaidh comhar eolaíochta agus teicneolaíochta idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó, lena leagtar amach na téarmaí agus na coinníollacha do rannpháirtíocht Ríocht Mharacó sa Chomhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara (PRIMA)

– Comhaontú i bprionsabal
– Iarraidh ar thoilíú ó Pharlaimint na hEorpa

1. An 16 Nollaig 2025, chuir an Coimisiún an dá thogra thuasluaite faoi bhráid na Comhairle¹. Is é is aidhm do na tograí Comhaontú a shíniú agus a thabhairt i gcrích, i bhfoirm Malartú Litreacha, idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó lena leasaítear agus lena bhforlíontar an Comhaontú le haghaidh comhar eolaíochta agus teicneolaíochta idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó, lena leagtar amach na téarmaí agus na coinníollacha do rannpháirtíocht Ríocht Mharacó sa Chomhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara (PRIMA).
2. Cuireadh inisealacha le téacs an Chomhaontaithe an 8 Meán Fómhair 2025, tar éis don Chomhairle údarú a thabhairt don Choimisiún an 9 Samhain 2023 tús a chur leis an gcaibidlíocht le Ríocht Mharacó.
3. An 8 Eanáir 2026, chuir an Coimisiún na tograí faoi bhráid na Meithle um Thaighde.
4. Tháinig an Mheitheal um Thaighde ar chomhaontú maidir leis na tograí tar éis comhairliúchán i scríbhinn a tugadh i gcrích an 16 Eanáir 2026.
5. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh go ndéanfadh an Chomhairle, le linn chuid ‘A’ de chláir oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, an méid seo a leanas:
 - (a) an cinneadh ón gComhairle lena bhformheastar shíniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe seo, i bhfoirm Malartú Litreacha, mar a d’athbhreithnigh na dlítheangeolaithe é agus mar a leagtar amach in 5468/26 é don chinneadh ón gComhairle agus mar a leagtar amach in 5481/26 é don Chomhaontú, a ghlacadh.
 - (b) cinneadh a dhéanamh an cinneadh ón gComhairle maidir leis an tabhairt i gcrích agus an Comhaontú, i bhfoirm Malartú Litreacha, mar a d’athbhreithnigh na dlítheangeolaithe é agus mar a leagtar amach in 5480/26 é don chinneadh ón gComhairle agus mar a leagtar amach in 5481/26 é don Chomhaontú, a chomhaontú i bprionsabal, agus an cinneadh ón gComhairle maidir leis an tabhairt i gcrích agus an Comhaontú a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa chun a toiliú a fháil.

¹ 16911/25 + ADD 1 agus 16914/25 + ADD 1

6. Foilseofar na cinntí ón gComhairle san Iris Oifigiúil i gcomhréir le hAirteagal 17(2)(b) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle.
